

Nuashonrú maidir le Beartais EPSO le haghaidh iarrthóirí ban a bhfuil socruithe réasúnta á lorg acu i bpróisis roghnúcháin foirne a bhaineann le toircheas agus breith clainne

Cuspóir beartais

Tá EPSO tiomanta do luachanna an neamh-idirdhealaithe agus an chomhionannais deiseanna do gach iarrthóir. Dá bhrí sin, is é is aidhm don bheartas seo deimhin a dhéanamh de go bhféadfaidh iarrthóirí ban páirt a ghlacadh i bpróisis roghnúcháin foirne a eagraíonn EPSO, thar ceann institiúidí an Aontais Eorpaigh, faoi choinníollacha a bheidh comhionann i dtaca le hiarrthóirí eile, agus go háirithe, nach mbeidh siad faoi aon mhíbhuntáiste ar chúiseanna a bhaineann le toircheas agus breith clainne.

Cúlra Dlíthiúil

Tá EPSO faoi cheangal ag forálacha ábhartha de chuid dhlí an Aontais Eorpaigh a rialaíonn neamh-idirdhealú agus comhionannas deiseanna.

Is í an phríomhthagairt dhlíthiúil [Treoir 2006/54/CE an 5 Iúil 2006](#) maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha. Déanann an Treoir sin idirdhealú díreach nó indíreach a thoirmeasc ar fhoras inscne i réimse na rochtana ar fhostaíocht.

Leis an gcásdlí, cuirtear ceangal ar institiúidí AE agus ar Bhinse na Seirbhíse Sibhialta, agus é ag gníomhú dó ina ról breithiúnach, Treoir 2006/54/CE a chur san áireamh nuair a bhíonn siad ag déanamh cinneadh faoi shaincheisteanna a bhaineann le rochtain ar fhostaíocht laistigh de sheirbhís shibhialta an Aontais Eorpaigh.

Foráiltear le hAirteagal 2(2)(c) de Threoir 2006/54/CE go n-áirítear le hidirdhealú "*aon chóireáil a fhágann nach gcaitear chomh fabhrach céanna le bean maidir le toircheas nó saoire mháithreachais de réir bhrí na Treorach 92/85/EEC¹*".

Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 14(1)(a) de Threoir 2006/54/CE go bhfuil toirmeasc ar idirdhealú i ndáil le "*coinníollacha maidir le rochtain ar fhostaíocht [...], lena n-áirítear critéir roghnúcháin agus coinníollacha earcaíochta, is cuma cibé brainse gníomhaíochta atá i gceist agus ar gach leibhéal den ordlathas gairmiúil[...]*".

¹ Treoir 92/85/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le bearta a thabhairt isteach arb é is aidhm dóibh feabhsúcháin a spreagadh ag an obair i dtaca le sábháilteacht agus sláinte oibrithe atá torrach agus oibrithe ar rugadh leanbh dóibh le déanaí nó a bhfuil leanbh ar a mbrollach acu.

I gcomhthéacs na nósanna imeachta roghnúcháin foirne atá i bhfeidhm faoi láthair, glacann iarrthóirí páirt i dtrialacha laistigh de thréimhse ama shonrach nó ar dhátaí sonracha, agus is é EPSO a shocraíonn na tréimhsí agus na hamanna sin.

Is féidir nach mbeidh iarrthóirí atá torrach in ann cloí leis na hamanna sin ar chúiseanna a bhaineann leis an toircheas nó leis an mbreith clainne. Sna cásanna sin, féadfaidh siad socruithe réasúnta a iarraidh, rud is féidir le EPSO a chur ar fáil, i gcomhréir lena chuid dualgas maidir le comhionannas deiseanna agus neamh-idirdhealú.

Dá bhrí sin, tá cineál agus cur i bhfeidhm na mbeart socrúcháin sin sainithe sa bheartas sin.

Ráiteas Beartais

Déanfaidh EPSO socruithe réasúnta d'iarrthóirí nach bhfuil in ann páirt a ghlacadh i dtrialacha ar dhátaí áirithe nó le linn tréimhsí áirithe ar chúiseanna a bhaineann le toircheas agus breith linbh. Ina theannta sin, féadfaidh EPSO socruithe réasúnta a dhéanamh do mháithreacha a bhfuil leanbh ar a mbrollach acu chun páirt a ghlacadh sna trialacha roghnúcháin. Cuirfear na socruithe réasúnta sin ar fáil d'iarrthóirí a chuirfidh EPSO ar an eolas faoin mbail atá orthu, de réir na dtéarmaí agus laistigh de na teorainneacha atá leagtha amach thíos.

Raon Feidhme an chur i bhfeidhm

Beidh an beartas sin i bhfeidhm:

- maidir le hiarrthóirí atá torrach nó iarrthóirí ar rugadh leanbh dóibh le déanaí agus a chuirfidh EPSO ar an eolas faoin riocht ina bhfuil siad chun na socruithe réasúnta atá ar fáil dóibh faoi na forálacha sin a éileamh
- sna próisis roghnúcháin foirne ar fad a eagraíonn EPSO agus ag gach céim den phróiseas.

Ba cheart d'iarrthóirí EPSO a chur ar an eolas faoin toircheas agus faoin dáta breithe atá tuartha nó faoin dáta breithe féin agus faoin láthair ag céim an iarratais, más iomchuí, nó, chomh luath agus is féidir sula bhfuil an triail shonrach EPSO le déanamh. Má chuirtear an t-eolas sin in iúl do EPSO go déanach, is féidir go gcuirfear isteach ar chumas EPSO socruithe a dhéanamh faoi na dálaí ais fearr is fhéidir. Ní fhéadfaidh iarrthóirí an fhreagracht as gan socruithe a dhéanamh a chur ar EPSO murar iarr siad na socruithe in am.

Cur chun feidhme

Féadfaidh iarrthóirí socruithe a iarraidh faoin mbeartas seo mura mbeidh sé in ann páirt a ghlacadh i dtrial ar an dáta a thug EPSO dó agus/nó ar an dáta a dhearbhaigh EPSO dó mar:

- an dáta i gceist, tagann sé laistigh de mhí amháin roimh dháta breithe tuartha leanbh an iarrthóra nó ina dhiaidh²,

² Faoi mar atá sainithe in Airteagal 8(2) de Threoir 92/85/CEE.

- níl an t-iarrthóir in ann taisteal chuig an ionad trialacha ar chúiseanna leighis a bhfuil baint dhíreach acu leis an toircheas, agus tá ráiteas faighte ó dhochtúir leighis á dhearbhu sin
- níl an t-iarrthóir in ann taisteal chuig an ionad trialacha mar gheall ar thoirmeasc dearbhaithe ar aerthaisteal.

An tréimhse míosa amháin sin roimh dháta breithe tuartha leanbh an iarrthóra, is féidir í a athbhreithniú i gcásanna áirithe e.g. i gcás ina bhforchuirfidh iompróir aerlíne toirmeasc taistil níos faide do thaistealaithe atá torrach.

Ina theannta sin, na hiarrthóirí a mbeidh leanbh ar a mbrollach acu tráth dhátaí trialacha roghnúcháin EPSO, is féidir leo socruithe réasúnta chuige sin a iarraidh le linn thréimhse na dtrialacha.

Ní mór deimhniú leighis a bheith ag gabháil le gach iarratas ar shocruithe réasúnta.

D'fhéadfadh na socruithe seo a leanas a bheith i gceist d'iarrthóirí a dhéanfaidh trialacha in ionaid trialacha chreidiúnaithe:

- an triail a athsceidealú;
- cead a thabhairt don iarrthóir an triail a dhéanamh in ionad trialacha seachas an t-ionad a bhí beartaithe i dtosach, chun fad-taisteal a sheachaint;
- cead a thabhairt don iarrthóir an leanbh a bheith ar a brollach aici le linn na dtrialacha trí sheomra ar leith a chur ar fáil (má tá sé le fáil san ionad trialacha) nó trí bhriseadh solúbtha teoranta breise a thabhairt di chun ligean di an t-ionad trialacha a fhágáil chun an leanbh a bheith ar a brollach aici lasmuigh den ionad trialacha agus teacht ar ais chuig na trialacha laistigh den bhriseadh a tugadh.

D'fhéadfadh na socruithe seo a leanas a bheith i gceist d'iarrthóirí a dhéanfaidh a dtrialacha go cianda:

- an triail a athsceidealú;
- cead a thabhairt don iarrthóir an leanbh a bheith ar a brollach aici le linn na dtrialacha trí bhriseadh solúbtha teoranta breise a thabhairt chun an leanbh a bheith ar a brollach aici agus teacht ar ais chun an triail a chríochnú laistigh den bhriseadh a tugadh.

Ní rachaidh bearta socrúcháin thar a bhfuil réasúnta; i bhfocail eile, níor cheart dóibh ualach díréireach a chur ar EPSO ó thaobh costais, ama nó iarrachta de. Go háirithe, níor cheart socruithe a dhéanamh a sháródh leas institiúidí an Aontais Eorpaigh agus na n-iarrthóirí eile i leith dhul chun cinn agus chríochnú tráthúil an phróisis roghnúcháin.

Is é EPSO a chinnfidh méid na socruithe réasúnta a dhéanfar, cás ar chás, ar dhóigh lánroghnach. Cuirfidh sé san áireamh, agus é ag déanamh cinneadh, srianta sonracha oibríochtúla ag céimeanna éagsúla sa phróiseas roghnúcháin.

Go háirithe an méid seo a leanas:

- Maidir le trialacha a dhéantar ar ríomhaire in ionaid trialacha speisialaithe atá á n-oibriú ag conraitheoir seachtrach EPSO (trialacha ilrogha ar ríomhaire, triail an bhosca isteach ríomhphoist, cás-staidéar, trialacha aistriúcháin nó aon triail eile), féadfaidh EPSO dátaí agus/nó ionaid mhalartacha a thairiscint de réir na ndátaí agus/nó na n-ionad atá ar fáil. Is féidir an triail athsceidealaithe a dhéanamh níos luaithe nó níos faide anonn ná an chéad dáta a roghnaigh an t-iarrthóir, má roghnaigh sé ceann.
- Maidir le trialacha a riarann conraitheoir seachtrach EPSO go cianda agus a ndéanann sé feitheoireacht orthu (trialacha ilrogha ar ríomhaire, triail an bhosca isteach ríomhphoist, cás-staidéar, trialacha aistriúcháin nó aon triail eile), féadfaidh EPSO dátaí trialacha malartacha a thairiscint. Is féidir an triail athsceidealaithe a dhéanamh níos luaithe nó níos faide anonn ná an chéad dáta a roghnaigh an t-iarrthóir, má roghnaigh sé ceann.
- I dtaca le gach triail, féadfar dátaí trialacha malartacha a thairiscint suas le seachtain amháin roimh dheireadh na céime roghnúcháin (réamhroghnú/ionad measúnaithe). I gcás ina ndéanfar trialacha³ roimh thrialacha eile an ionaid mheasúnaithe, déanfar iad a mheas mar chéim roghnúcháin ar leith chun an fhoráil sin a chur i bhfeidhm. Déanfar sin ionas go bhféadfar an t-iarrthóir a bhfuil socrú á n-iarraidh aige a athimeascadh sa phróiseas roghnúcháin agus cloí leis an tréimhse ama a leagadh síos dó san am céanna. Sna cásanna sin, is féidir a iarraidh ar na hiarrthóirí a n-éireoidh leo sa triail athsceidealaithe tabhairt faoi thrialacha na chéad chéime roghnúcháin eile agus go mbeidh fógra an-ghearr i gceist.

I gcás ina mbainfidh an iarraidh ar athsceidealú leis an gcéim dheireanach den phróiseas roghnúcháin, féadfar dátaí malartacha a thairiscint suas le dhá mhí i ndiaidh na tréimhse trialacha a sceidealadh i dtosach. Sna cásanna sin, féadfar an próiseas roghnúcháin a dhúnadh agus liosta na n-iarrthóirí ar éirigh leo a thiomnú sula ndéanfaidh an t-iarrthóir a d'iarr na socrú na trialacha iarchurtha. I gcás ina n-éireoidh leis an iarrthóir a d'iarr na socrú sa triail iarchurtha agus go bhfaighidh sé marc deiridh atá coibhéiseach leis an marc a fuair an t-iarrthóir deireanach ar éirigh leis dul ar an liosta a leagadh síos, nó níos airde ná é, cuirfear a ainm leis an liosta sin.

Mar sin féin, i gcás nach nglacfaidh iarrthóir leis na socrú a thairg EPSO faoin mbeartas reatha, nó nach mbeidh sé in ann na trialacha a dhéanamh ar an dáta nua nó san ionad éagsúil a tairgeadh mar gheall ar bhac a bhain leis an toircheas céanna, le toircheas eile nó saoire mháithreachais, ní bheidh sé i dteideal aon socrú breise ar an bhforas sin, agus cuirfear deireadh lena rannpháirtíocht sa chomórtas.

Laistigh de na teorainneacha atá leagtha síos sa bheartas sin, déanfaidh EPSO gach iarracht na socrú réasúnta is iomchuí a chur ar fáil a bheidh in oiriúint do chúinsí sonracha an

³ Cás-staidéar, trialacha aistriúcháin nó trialacha ar ríomhaire, trialacha ar cuid fhoirmiúil de chéim an ionaid mheasúnaithe iad

iarrthóra a rinne an t-iarratas. Féadfaidh EPSO an beartas sin a nuashonrú tráth ar bith agus forbairtí nua ina shamhail seachadta trialacha agus sa chreat rialála is infheidhme a chur san áireamh.

Dáta Éifeachtach

Tiocfaidh an beartas nuashonraithe seo i bhfeidhm i dtús mhí Dheireadh Fómhair 2020

Tá an beartas seo gan dochar do bheartas EPSO maidir le freastal ar iarrthóirí atá faoi mhíchumas nó atá i riocht sláinte a fhágann go bhfuil coigeartuithe speisialta ag teastáil uathu chun na trialacha a dhéanamh. Tá tuilleadh eolas faoinár mbeartas comhdheiseanna agus faoin nós imeachta maidir le socruithe speisialta le fáil ar ár suíomh gréasáin (https://epso.europa.eu/how-to-apply/equal-opportunities_ga), sna Rialacha Ginearálta lena rialaítear comórtais oscailte (faoi phointe 1.3. Comhionannas deiseanna agus coigeartuithe speisialta) agus sna glaonna ar léiriú spéise le haghaidh baill foirne ar conradh (an roinn ‘Cad is ceart a dhéanamh má tá socruithe speisialta de dhíth orm?’).

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le EPSO-accessibility@ec.europa.eu